



Uimhir 25 de 1991

An tAcht um Íoc Pá, 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 25 de 1991

AN tACHT UM ÍOC PÁ, 1991

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
2. Modhanna íoca pá.
3. Aisghairm na *Truck Acts*, 1831 to 1896, agus achtachán gaolmhar.
4. Ráitis i dtaobh pá agus asbhaintí as pá.
5. Rialáil asbhaintí áirithe arna ndéanamh ag fostóirí agus íocaíochtaí áirithe arna bhfáil acu.
6. Gearáin ag fostaithe i ndáil le sáruithe ar alt 5 ag a bhfostóirí.
7. Achomharc i gcoinne breithe ó choimisinéir um chearta.
8. Forfheidhmiú breitheanna ó choimisinéir um chearta agus chinntí an Bhinse.
9. Cumhachtaí oifigeach údaraithe.
10. Forálacha i ndáil le cionta.
11. Forálacha áirithe i gcomhaontuithe a chur ar neamhní.
12. Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
13. Caiteachais an Aire.
14. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

AN SCEIDEAL

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

<i>Bills of Exchange Act</i> , 1882	1882, c. 61
Acht an Bhainc Ceannais, 1971	1971, Uimh. 24
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
<i>County Works (Ireland) Act</i> , 1846	1846, c. 2
<i>Hosiery Manufacture (Wages) Act</i> , 1874	1874, c. 48
An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990	1990, Uimh. 19
An tAcht Rialtais Aitiúil, 1941	1941, Uimh. 23
An tAcht um Íoc Pá, 1979	1979, Uimh. 40
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> , 1851	1851, c. 93
An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967	1967, Uimh. 21
<i>Truck Act</i> , 1743	1743, c. 8
<i>Truck Act</i> , 1831	1831, c. 37
<i>Truck Act</i> , 1896	1896, c. 44
<i>Truck Amendment Act</i> , 1887	1887, c. 46
An tAcht um Bainc Thaisce Iontaobhais, 1989	1989, Uimh. 21



Uimhir 25 de 1991

AN tACHT UM ÍOC PÁ, 1991

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO THABHAIRT TUILLEADH COSANTA D'FHOSTAITHE
IN DÁIL LE hÍOC PÁ, D'URASÚ PÁ A ÍOC AR SHLÍ SEACHAS
IN AIRGEAD TIRIM, CHUN NA CRÍCHE SIN D' AISGHAIRM
NA *TRUCK ACTS*, 1831 TO 1896, AGUS ACHTACHÁN
GAOLMHAR AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH
NITHE A BHAINNEANN LEIS NA NITHE SIN.

[23 *Iúil*, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—(1) San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “airgead tirim” airgead tirim ar dlíthairiscint é;

ciallaíonn “conradh fostaíochta”—

(a) conradh seirbhíse nó printíseachta, agus

(b) aon chonradh eile trína gcomhaontaíonn pearsa aonair le duine eile aon obair nó seirbhís a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta do thríú duine (bíodh nó ná bíodh an tríú duine ina pháirtí sa chonradh) nach é atá ina stádas, de bhua an chonartha, stádas cliaint nó custaiméara de chuid aon ghairme nó gnóthais gnó a sheolann an phearsa aonair agus, maidir leis an duine a dhlíonn pá na pearsan aonair i leith na hoibre nó na seirbhíse a íoc, measfar chun críocha an Achta seo gurb é fostóir na pearsan aonair sin é,

cibé acu is conradh sainráite nó intuigthe é agus, i gcás é a bheith sainráite, cibé acu is conradh ó bhéal nó i scríbhinn é;

ciallaíonn “fostaí” duine a bhfuil Conradh fostaíochta déanta aige nó a oibríonn faoin gcéanna (nó, i gcás an fhostaíochta a bheith scortha, a raibh Conradh fostaíochta déanta aige nó a d’oibrigh faoin gcéanna) agus déanfar tagairtí, i ndáil le fostóir, d’fhostaí a fhorléiriú mar thagairtí d’fhostaí atá ar fostú ag an bhfostóir sin; agus, chun críche an mhínithe seo, measfar duine a shealbhaíonn oifig faoin Stát nó i seirbhís an Stáit (lena n-áirítear comhalta den Gharda Síochána nó de na Fórsaí Cosanta) nó thairis sin mar státseirbhíseach, de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, a bheith ina fhostaí atá ar fostú ag an Stát nó ag an Rialtas, de réir mar a bheidh, agus measfar oifigeach nó seirbhíseach d’údarás áitiúil, chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil, 1941, d’údarás cuain, do bhord sláinte nó do choiste gairmoideachais a bheith ina fhostaí atá ar fostú ag an údarás, ag an mbord nó ag an gcoiste, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn “fostóir”, i ndáil le fostaí, an duine a bhfuil Conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí leis nó a n-oibríonn an fostaí faoi chonradh fostaíochta dó (nó, i gcás an fhostaíochta a bheith scortha, a raibh Conradh fostaíochta déanta ag an bhfostaí leis nó ar oibrigh sé faoi chonradh fostaíochta dó);

ciallaíonn “an tAire” an tAire Saothair;

tá le “stailc” agus “gníomh tionscail” na bríonna a shanntar dóibh leis an Acht Caidrimh Thionscail, 1990;

ciallaíonn “an Binse” an Binse Achomhairc Fostaíochta;

ciallaíonn “pá”, i ndáil le fostaí, aon suimeanna is iníoctha ag an bhfostóir leis an bhfostaí i dtaca lena fhostaíocht, lena n-áirítear—

- (a) aon táille, bónas nó coimisiún, nó aon phá saoire, breoiteachta nó máithreachais, nó aon díolaíocht eile, is inchurtha i leith a fhostaíochta, cibé acu is iníoctha é faoina chonradh fostaíochta nó ar shlí eile, agus
- (b) aon suim is iníoctha leis an bhfostaí ar an bhfostóir d’fhoirceannadh a chonartha fostaíochta gan fógra cuí faoin bhfoirceannadh a bheith tugtha roimh ré aige don fhostaí, ar suim í a íoctar in ionad an fógra sin a thabhairt:

Ar choinníoll, áfach, nach n-áireofar na híocaíochtaí seo a leanas mar phá chun críocha an mhínithe seo:

- (i) aon íocaíocht i leith caiteachas a thabhoíd an fostaí ag comhlíonadh a fhostaíochta dó,
- (ii) aon íocaíocht ar mhodh pinsin, liúntais nó aisece i dtaca leis an bhfostaí d'fháil bháis, nó do scor dá fhostaíocht nó d'éirí as a fhostaíocht, nó mar chúiteamh in oifig a chailliúint,
- (iii) aon íocaíocht is inchurtha i leith iomarcaíocht an fhostaí,
- (iv) aon íocaíocht leis an bhfostaí ar shlí seachas ina cháil mar fhostaí,
- (v) aon íocaíocht chomhchineáil nó sochar comhchineáil.

(2) Ach amháin in alt 5(5)(f), aon tagairt san Acht seo d'fhostóir a bheith ag fáil íocaíochta ó fhostaí, is tagairt í d'fháil na híocaíochta sin aige ina cháil mar fhostóir an fhostaí.

(3) Aon tagairt san Acht seo d'alt is tagairt í d'alt den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe.

(4) Aon tagairt san Acht seo d'fho-alt, do mhír nó d'fhómhír is tagairt í d'fho-alt, do mhír nó d'fhómhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe.

2.—(1) Ní fhéadfar pá a íoc ach amháin ar mhodh amháin nó níos Modhanna íoca pá. mó de na modhanna seo a leanas:

- (a) seic, dréacht nó bille malairte eile de réir bhrí an *Bills of Exchange Act*, 1882,
- (b) doiciméad arna eisiúint ag duine a choinníonn cuntas le Banc Ceannais na hÉireann nó ag sealbhóir ceadúnais faoi alt 9 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1971, arb é is aidhm dó, cé nach bille malairte den sórt sin a dúradh é, a chur ar chumas duine íoc den mhéid a bheidh sonraithe sa doiciméad a fháil ón mbanc sin nó ón sealbhóir sin,
- (c) dréacht is iníoctha ar éileamh arna tharraingt air féin ag sealbhóir ar cheadúnas den sórt sin, cibé acu is iníoctha i

bpríomh-oifig an bhainc nó in oifig éigin eile den bhanc lena mbaineann an ceadúnas,

- (d) ordú poist, airgid nó íoca, nó barántas, nó aon doiciméad eile dá samhail, arna eisiúint ag an bPost nó arna tharraingt ar an bPost, nó doiciméad arna eisiúint ag oifigeach d'Aire de chuid an Rialtais arb é is aidhm dó íoc na suime a bheidh sonraithe sa doiciméad a fháil ón Aire Rialtais sin,
- (e) doiciméad arna eisiúint ag duine a choinníonn cuntas le banc taisce iontaobhais de réir bhrí an Achta um Bainc Thaisce Ionntaobhais, 1989, arb é is aidhm dó íoc na suime a bheidh sonraithe sa doiciméad a fháil ón mbanc,
- (f) aistriú creidmheasa nó modh íoca eile trína gcuirtear méid chun sochair cuntais a bheidh sonraithe ag an bhfostaí lena mbaineann,
- (g) airgead tirim,
- (h) aon mhodh íoca eile a bheidh sonraithe de thuras na huairé i rialacháin arna ndéanamh ag an Aire tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.

(2) I gcás go mbeidh pá le híoc le fostaí ar mhodh seachas in airgead tirim tráth nach mbeidh, mar gheall ar stailc nó gníomh tionscail eile a fhearann ar fhoras airgeadais, airgead tirim ar fáil go héasca don fhostaí, déanfaidh an fhostóir lena mbaineann, má thóilíonn an fostaí leis, an pá a íoc ar mhodh eile (seachas in airgead tirim) a shonraítear i bhfo-alt (1) agus, mura dtóilíonn an fostaí amhlaidh, é a íoc in airgead tirim.

(3) Aon fhostóir a íocfaidh pá le fostaí seachas ar mhodh a shonraítear i bhfo-alt (1) nó a sháróidh fo-alt (2), beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 a chur air.

Aisghairm na *Truck Acts*, 1831 to 1896, agus achtachán gaolmhar.

3.—(1) Déantar leis seo na hachtacháin a shonraítear i gcolún (2) den Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a aisghairm a mhéid a shonraítear i gcolún (3) den Sceideal sin.

(2) D'ainneoin aon fhorála den Acht seo—

- (a) i gcás go raibh, díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, pá fostaí á íoc leis in airgead tirim, leanfaidh an fhostóir, fad a

bheidh an fostaí san fhostaíocht lena mbaineann, den phá sin a íoc leis in airgead tirim mura gcomhaontófar ar aon mhodh íoca eile a shonraítear in alt 2 idir an fostóir nó eagraíocht atá ionadaíoch d'fhostóirí (ar comhalta di an fostóir) agus an fostaí nó eagraíocht atá ionadaíoch d'fhostaithe (ar comhalta di an fostaí), agus

- (b) i gcás go raibh, díreach roimh an tosach feidhme sin, pá fostaí á íoc leis, de bhun alt 3 den Acht um Íoc Pá, 1979, le hionstraim nó ar mhodh íoca lenar bhain an t-alt sin, ansin más rud é, tar éis an tosach feidhme sin, go gcuirtear deireadh ar bhealach a shonraítear san alt sin leis an gcomhaontú nó leis an gcomhshocraíocht eile lena n-údaraítear an pá a íoc leis an ionstraim nó ar an modh a dúradh, íocfaidh an fostóir an pá sin leis in airgead tirim mura gcomhaontófar mar a dúradh ar aon mhodh íoca eile a shonraítear in alt 2.

- (3) Beidh aon fhostóir a sháróidh fo-alt (2) ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,000 a chur air.

4.—(1) Tabharfaidh fostóir d'fhostaí, nó cuirfidh sé faoi deara go dtabharfar d'fhostaí, ráiteas i scríbhinn a shonróidh go soiléir méid comhlán an phá is iníoctha leis an bhfostaí agus cineál agus méid aon asbhainte as agus déanfaidh an fostóir cibé bearta réasúnacha is gá chun a chinntiú go ndéanfaidh an fostóir agus a ghníomhairí, agus aon fhostaithe eile, an t-ábhar lena mbaineann an ráiteas agus an ráiteas féin a choimeád faoi rún.

Ráitis i dtaobh pá agus asbhaintí as pá.

- (2) Tabharfar ráiteas faoin alt seo don fhostaí lena mbaineann—

- (a) más ar mhodh a shonraítear in alt 2(1)(f) a dhéanfar an íocaíocht iomchuí, a luaithe is féidir dá éis sin,
- (b) más ar mhodh íoca a shonraítear i rialacháin faoi alt 2(1)(h) a dhéanfar an íocaíocht, cibé tráth a bheidh sonraithe sna rialacháin,
- (c) más ar aon mhodh íoca eile a dhéanfar an íocaíocht, tráth na híocaíochta.

(3) I gcás earráid nó easnamh a bheith i ráiteas faoin alt seo, measfar go gcomhlíonann an ráiteas forálacha an ailt seo má shuitear gur dearmad cléireachais ba chúis leis an earráid nó leis an easnamh nó thairis sin gur de thionóisc agus de mheon macánta a rinneadh an céanna.

(4) Beidh aon fhostóir a sháróidh fo-alt (1) nó (2) ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 a chur air

Rialáil asbhaintí áirithe arna ndéanamh ag fhostóirí agus íocaíochtaí áirithe arna bhfáil acu.

5.—(1) Ní dhéanfaidh fhostóir asbhaint as pá fostaí (ná ní bhfaighidh sé aon íocaíocht ó fhostaí) mura rud é—

(a) go gceanglaítear nó go n-údaraítear an asbhaint (nó an íocaíocht) a dhéanamh de bhua aon reachta nó aon ionstraime arna déanamh faoi reacht,

(b) go gceanglaítear nó go n-údaraítear an asbhaint (nó an íocaíocht) a dhéanamh de bhua téarma de chuid chonradh fostaíochta an fhostaí a bhí ar áireamh sa chonradh sula ndéantar, agus atá i bhfeidhm an tráth a dhéantar, an asbhaint nó an íocaíocht, nó

(c) i gcás asbhainte, gur thug an fostaí a thoiliú i scríbhinn roimh ré léi.

(2) Ní dhéanfaidh fhostóir asbhaint as pá fostaí—

(a) i leith aon ghnímh nó neamhghnímh de chuid an fhostaí, nó

(b) i leith aon earraí nó seirbhísí a sholáthair an fhostóir don fhostaí nó a chuir sé ar fáil dó, ar earraí nó seirbhísí iad is gá a sholáthar nó a chur ar fáil chun críocha na fostaíochta,

mura rud é—

(i) go gceanglaítear nó go n-údaraítear an asbhaint a dhéanamh de bhua téarma (cibé acu sainráite nó intuigthe agus, i gcás é a bheith sainráite, cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn) de chuid an chonartha fostaíochta a rinneadh idir an fhostóir agus an fostaí, agus

(ii) gur asbhaint í de mhéid atá cóir agus réasúnach ag féachaint do na himthosca go léir (lena n-áirítear méid phá an fhostaí), agus

(iii) sula ndearnadh an gníomh nó an neamhghníomh nó sular cuireadh na hearraí nó na seirbhísí ar fáil, gur tugadh na nithe seo a leanas don fhostaí—

(I) i gcás an téarma dá dtagraítear i bhfomhír (i) a bheith i scríbhinn, cóip de,

(II) in aon chás eile, fógra i scríbhinn á rá go bhfuil an téarma ann agus cén éifeacht atá leis,

agus

(iv) i gcás gur asbhaint í i leith gnímh nó neamhghnímh ag an bhfostaí, go ndearnadh, seachtain ar a laghad sula ndéantar an asbhaint, sonraí i scríbhinn faoin ngníomh nó faoin neamhghníomh agus faoi mhéid na hasbhainte a thabhairt don fhostaí, agus

(v) i gcás gur asbhaint í i leith cúitimh i gcaillteanas nó i ndamáiste a d'fhulaing an fostóir mar thoradh ar ghníomh nó neamhghníomh ag an bhfostaí, gur asbhaint í de mhéid nach mó ná méid an chaillteanais nó costas an damáiste, agus

(vi) i gcás gur asbhaint í i leith earraí nó seirbhísí a soláthraíodh nó a cuireadh ar fáil mar a dúradh, gur asbhaint í de mhéid nach mó ná costas na n-earraí nó na seirbhísí sin don fhostóir, agus

(vii) go ndéanfar an asbhaint nó, má tá an méid iomlán is iníoctha ag an bhfostaí leis an bhfostóir i leith an ghnímh nó an neamhghnímh nó i leith na n-earraí nó na seirbhísí le híoc amhlaidh trí bhreis agus asbhaint amháin as pá an fhostaí, go ndéanfar an chéad asbhaint den sórt sin, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don fhostóir eolas a fháil faoin ngníomh nó faoin neamhghníomh nó, de réir mar a bheidh, tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bheith curtha ar fáil.

(3) (a) Ní bhfaighidh fostóir íocaíocht ó fhostaí i leith ábhair dá dtagraítear i bhfo-alt (2) mura rud é, dá mba asbhaint an íocaíocht, go gcomhlíonfadh sí an fo-alt sin.

(b) I gcás go bhfaighidh fostóir íocaíocht de réir mhír (a), tabharfaidh sé admháil láithreach don fhostaí i leith na híocaíochta.

(4) Maidir le téarma i gconradh fostaíochta nó i gcomhaontú eile trína soláthraíonn fostóir earraí nó seirbhísí d'fhostaí, nó trína gcuireann sé ar fáil d'fhostaí iad, i gcomaoin an fostóir do dhéanamh asbhainte as pá fostaí nó i gcomaoin an fostaí do dhéanamh íocaíochta leis an bhfostóir, ní bheidh sé infhorfheidhmithe ag an bhfostóir mura gcomhlíonann an soláthar nó an cur ar fáil, agus an asbhaint nó an íocaíocht, fo-alt (2).

(5) Ní bhaineann aon ní san alt seo—

(a) le hasbhaint arna déanamh ag fostóir as pá fostaí, nó le haon íocaíocht a gheobhaidh fostóir ó fhostaí, i gcás—

(i) gurb é is cuspóir don asbhaint nó don íocaíocht an fostóir a chúiteamh—

(I) i leith aon ró-íocaíochta pá, nó

(II) i leith aon ró-íocaíochta i leith caiteachas a thabh an fostaí ag comhlíonadh a fhostaíochta dó,

a bheidh déanta (ar chúis ar bith) ag an bhfostóir leis an bhfostaí, agus

(ii) nach mó méid na hasbhainte nó na híocaíochta ná méid na ró-íocaíochta,

nó

(b) le hasbhaint arna déanamh ag fostóir as pá fostaí, nó le haon íocaíocht a gheobhaidh fostóir ó fhostaí, de thoradh aon imeachtaí araíonachta má seoladh na himeachtaí sin de bhua forála reachtúla, nó

- (c) le hasbhaint arna déanamh ag fostóir as pá fostaí de bhun ceanglais a fhorchuirtear ar an bhfostóir, de bhua aon fhorála reachtúla, méideanna a asbhaint agus a íoc le húdarás poiblí, arb é atá ann Aire de chuid an Rialtais, na Coimisinéirí Ioncaim nó údarás áitiúil chun críocha an Achta Rialtais Aitiúil, 1941, ar méideanna iad a chinneann an t-údarás sin a bheith dlite dó den fhostaí, má dhéantar an asbhaint de réir an chinnidh iomchuí ón údarás sin, nó
- (d) le hasbhaint arna déanamh ag fostóir as pá fostaí de bhun aon chomhshocraíochtaí—
- (i) atá i gcomhréir le téarma i gconradh a rinneadh idir an fostóir agus an fostaí, ar thoiligh an fostaí roimh ré i scríbhinn lena chur isteach sa chonradh, nó
- (ii) ar thoiligh an fostaí roimh ré i scríbhinn leo thairis sin,
- ar comhshocraíochtaí iad faoina n-asbhaineann an fostóir, agus faoina n-íocann sé le tríú duine, méideanna a mbeidh fógra i scríbhinn, á rá gur méideanna iad atá dlite den fhostaí dó, faighte aige i ndáil leo ón duine sin, má dhéantar an asbhaint de réir an fhógra agus má íoctar méid na hasbhainte leis an tríú duine tráth nach déanaí ná an dáta ar a gceanglaítear leis an bhfógra é a íoc amhlaidh, nó
- (e) le hasbhaint arna déanamh ag fostóir as pá fostaí, nó le haon íocaíocht a fhaigheann a fhostóir ó fhostaí, i gcás inar ghlac an fostaí páirt i stailc nó i ngníomh tionscail eile agus go ndéanann an fostóir an asbhaint, nó go gceanglaíonn sé an íocaíocht a dhéanamh, mar gheall ar pháirt a bheith glactha ag an bhfostaí sa stailc nó sa ghníomh tionscail sin, nó
- (f) le hasbhaint arna déanamh ag fostóir as pá fostaí le toiliú roimh ré i scríbhinn uaidh, nó le haon íocaíocht a fhaigheann fostóir ó fhostaí, i gcás gurb é is cuspóir don asbhaint nó don íocaíocht ordú ó chúirt nó ó bhinse a shásamh (go hiomlán nó go páirteach) trína gceanglaítear ar an bhfostaí aon mhéid a íoc leis an bhfostóir, nó

- (g) le hasbhaint arna déanamh ag fostóir as pá fostaí i gcás gurb é is cuspóir don asbhaint ordú ó chúirt nó ó bhinse a shásamh (go hiomlán nó go páirteach) trína gceanglaítear ar an bhfostóir aon mhéid a íoc leis an gcúirt nó leis an mbinse nó le tríú páirtí as pá an fhostaí.

(6) Más rud é—

- (a) gur lú méid iomlán aon phá a íocann fostóir le fostaí ar ócáid ar bith ná méid iomlán an phá is iníoctha go cuí aige leis an bhfostaí ar an ócáid sin (tar éis aon asbhaintí atá le déanamh, agus atá de réir an Achta seo, a dhéanamh as), nó
- (b) nach ndéantar pá ar bith atá iníoctha go cuí ag fostóir le fostaí ar ócáid ar bith (tar éis aon asbhaintí den sórt a dúradh a dhéanamh) a íoc leis an bhfostaí,

ansin, ach amháin sa mhéid gurb inchurtha an t-easnamh nó an neamhióc i leith earráide ríomha, déileálfar le méid an easnaimh nó an neamhioca mar asbhaint arna déanamh ag an bhfostóir as pá an fhostaí ar an ócáid sin.

Gearáin ag fostaí i ndáil le sárúithe ar alt 5 ag a bhfostóirí.

6.—(1) Féadfaidh fostaí gearán a dhéanamh le coimisinéir um chearta á rá go bhfuil alt 5 sárúithe ag a fhostóir i ndáil leis agus, má dhéanann sé amhlaidh, tabharfaidh an coimisinéir an deis do na páirtithe éisteacht a fháil uaidh agus aon fhianaise atá ábhartha maidir leis an ngearán a thíolacadh dó, tabharfaidh sé breith i scríbhinn i ndáil leis agus cuirfidh sé an bhreith in iúl do na páirtithe.

(2) I gcás go dtabharfaidh coimisinéir um chearta breith, maidir le gearán faoin alt seo i ndáil le hasbhaint a rinne fostóir as pá fostaí nó le híocaíocht a fuair fostóir ó fhostaí, go bhfuil bonn maith leis an ngearán i ndáil le hiomlán na hasbhainte nó na híocaíochta nó le cuid de, ordóidh an coimisinéir don fhostóir cúiteamh a íoc leis an bhfostaí ina mbeidh cibé méid (más ann) is dóigh leis a bheith réasúnach sna himthosca, ar méid é nach mó ná—

(a) glanmhéid an phá (tar éis aon asbhaint dhlíthiúil a dhéanamh as)—

- (i) i gcás gur bhain an gearán le hasbhaint, a d'íocfaí leis an bhfostaí i leith na seachtaine díreach roimh dháta na hasbhainte dá mba nach ndearnadh an asbhaint, nó

(ii) i gcás gur bhain an gearán le híocaíocht, a íocadh leis an bhfostaí i leith na seachtaine díreach roimh dháta na híocaíochta,

nó

(b) más mó méid na hasbhainte nó na híocaíochta ná an méid dá dtagraítear i mír (a), dhá oiread an chéad mhéid acu sin.

(3) (a) Ní thabharfaidh coimisinéir um chearta breith faoin alt seo i ndáil le hasbhaint nó le híocaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (2) aon tráth tar éis tús a bheith curtha le héisteacht imeachtaí i gcúirt, ar imeachtaí iad a thionscain an fostaí lena mbaineann maidir leis an asbhaint nó leis an íocaíocht.

(b) Ní bheidh fostaí i dteideal aon mhéid a ghnóthú in imeachtaí i gcúirt maidir le hasbhaint nó le híocaíocht den chineál a dúradh aon tráth tar éis do choimisinéir um chearta breith a thabhairt faoin alt seo i ndáil leis an asbhaint nó leis an íocaíocht.

(4) Ní thabharfaidh coimisinéir um chearta aird ar ghearán faoin alt seo mura dtíolacfar dó é laistigh den tréimhse 6 mhí dar tosach dáta an tsáraithe lena mbaineann an gearán nó (i gcás inar deimhin leis an gcoimisinéir um chearta nárbh fhéidir, de bharr imthosca eisceachtúla, an gearán a thíolacadh laistigh den tréimhse a dúradh) laistigh de cibé tréimhse bhreise, nach faide ná 6 mhí, is dóigh leis an gcoimisinéir um chearta a bheith réasúnach.

(5) (a) Tíolacfar gearán trí fhógra i scríbhinn ina thaobh a thabhairt do choimisinéir um chearta agus beidh cibé sonraí san fhógra, agus beidh sé i cibé foirm, a shonróidh an tAire ó am go ham.

(b) Déanfaidh an coimisinéir um chearta lena mbaineann cóip d'fhógra faoi mhír (a) a thabhairt don pháirtí eile lena mbaineann.

(6) Déanfar imeachtaí faoin alt seo os comhair coimisinéara um chearta a sheoladh go poiblí mura gcinnfidh agus a mhéid a chinneadh an coimisinéir, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuige ag páirtí sna himeachtaí, ar a mhalairt.

(7) Déanfaidh coimisinéir um chearta cóip d'aon bhreith a bheidh tugtha aige faoi fho-alt (1) a thabhairt don Bhinse.

(8) Féadfaidh an tAire le rialacháin socrú a dhéanamh le haghaidh aon ní is cuí leis i ndáil le himeachtaí faoin alt seo.

Achomharc i gcoinne breithe ó choimisinéir um chearta.

7.—(1) Féadfaidh páirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh chun an Bhinse i gcoinne breithe ó choimisinéir um chearta faoi alt 6 agus, má dhéanann sé amhlaidh, tabharfaidh an Binse deis do na páirtithe éisteacht a fháil uaidh agus aon fhianaise atá ábhartha maidir leis an achomharc a thíolacadh dó, déanfaidh sé cinneadh i scríbhinn i ndáil leis an achomharc ina ndaingneofar, ina n-athrófar nó ina gcealófar an bhreith agus cuirfidh sé an cinneadh in iúl do na páirtithe.

(2) Tionscnóidh páirtí achomharc faoin alt seo tríd an méid seo a leanas a dhéanamh laistigh de 6 seachtaine ón dáta a cuireadh an bhreith lena mbaineann sé in iúl dó—

(a) fógra i scríbhinn a thabhairt don Bhinse ina mbeidh cibé sonraí (más ann) a bheidh sonraithe i rialacháin faoi fho-alt (3) agus ina ndéarfad go bhfuil ar intinn ag an bpáirtí lena mbaineann achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe, agus

(b) cóip den fhógra a thabhairt don pháirtí eile lena mbaineann.

(3) Féadfaidh an tAire le rialacháin socrú a dhéanamh le haghaidh gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas i ndáil le himeachtaí os comhair an Bhinse agus le haghaidh aon ní a leanfaidh astu nó atá teagmhasach nó coimhdeach dóibh:

(a) an nós imeachta i ndáil le gach ábhar a bhaineann le hachomhairc faoin alt seo a thionscnamh agus lena n-éisteacht ag an mBhinse,

(b) tráthanna agus ionaid éisteachtaí na n-achomharc sin,

(c) ionadaíocht na bpáirtithe sna hachomhairc sin,

(d) cinntí an Bhinse a fhoilsiú agus a fhógairt,

(e) na sonraí a bheidh i bhfógra faoi fho-alt (2),

(f) dámhadh costas agus caiteachas ag an mBinse i ndáil leis na hachomhairc sin agus íoc an chéanna,

(g) an Binse d'fhadú na tréimhse ama chun na hachomhairc sin a thionscnamh.

(4) (a) Féadfaidh an tAire, ar iarratas ón mBinse, ceist dlí a éiríonn in imeachtaí atá os comhair an Bhinse a tharchur go dtí an Ard-Chúirt lena cinneadh agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

(b) Féadfaidh páirtí in imeachtaí atá os comhair an Bhinse achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte i gcoinne cinnidh ón mBinse ar phointe dlí agus is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na hArd-Chúirte.

(5) Beidh feidhm ag alt 39(17) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, i ndáil le himeachtaí os comhair an Bhinse faoin Acht seo amhail mar atá feidhm aige maidir le hábhair a tharchuirtear chuige faoin alt sin.

8.—(1) Féadfar breith ó choimisinéir um chearta, nó cinneadh ón mBinse, a dhéanfar in imeachtaí faoin Acht seo a fhorfheidhmiú amhail is dá mba ordú ón gCúirt Chuarda é arna dhéanamh in imeachtaí sibhialta ag an mbreitheamh den Chúirt Chuarda don áit ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine a ndearnadh an bhreith nó an cinneadh ina fhabhar.

Forfheidhmiú breitheanna ó choimisinéir um chearta agus chinntí an Bhinse.

(2) (a) Féadfar a fhoráil i mbreith ó choimisinéir um chearta, agus i gcinneadh ón mBinse, in imeachtaí faoin Acht seo go gcuirfear an bhreith nó an cinneadh i gerích roimh dháta sonraithe.

(b) I gcás nach bhforálfar amhlaidh i mbreith ó choimisinéir um chearta nó i gcinneadh ón mBinse, measfar, chun críocha an ailt seo, go bhforáiltear ann go gcuirfear i gerích é laistigh de 6 seachtaine ón dáta a gcuirtear in iúl é do na páirtithe lena mbaineann.

9.—(1) San alt seo ciallaíonn “oifigeach údaraithe” duine a bheidh ceaptha ag an Aire chun bheith ina oifigeach údaraithe chun críocha an Achta seo.

Cumhachtaí oifigeach údaraithe.

(2) Féadfaidh oifigeach údaraithe, chun críocha an Achta seo, ar a údarú agus, más cuí, deimhniú faoi fho-alt (3), a thabhairt ar aird má iarrann aon duine dá ndéanann sé difear air déanamh amhlaidh—

- (a) dul isteach, gach tráth réasúnach, in aon áitreabh nó áit a gcreideann sé le réasún go bhfuil fostaí ar fostú ann,
- (b) aon iniúchadh nó fiosrú a dhéanamh ansin a mheasann sé le réasún is gá chun a fháil amach an bhfuil an tAcht seo á chomhlíonadh,
- (c) a cheangal ar aon duine san áitreabh nó ag an áit cibé faisnéis a thabhairt dó a bheidh ag teastáil le réasún uaidh chun críocha a fheidhmeanna faoin Acht seo,
- (d) aon taifid (cibé acu i bhfoirm láimhe nó i bhfoirm eile) nó leabhair nó doiciméid eile a gheofar san áitreabh nó ag an áit a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh nó de shleachta astu.

(3) Ní fheidhmeofar na cumhachtaí a thugtar le fo-alt (2) maidir le teaghais mura ndeimhneoidh an tAire (nó oifigeach don Aire a bheidh údaraithe chuige sin ag an Aire) i scríbhinn go bhfuil forais réasúnacha aige chun a chreidiúint go bhfuil cion faoin Acht seo déanta ag an bhfostóir i ndáil le fostaí atá ar fostú sa teaghais.

(4) Aon duine a chuirfidh bac nó treampán ar oifigeach údaraithe ar feidhmiú cumhachta dó nó nach gcomhlíonfaidh, gan leithscéal réasúnach, ceanglas faoin alt seo nó a thabharfaidh d'oifigeach údaraithe, i gcomhlíonadh airbheartaithe ar cheanglas den sórt sin, faisnéis is eol dó a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná £1,000 a chur air.

Forálacha i ndáil le cionta.

10.—(1) Féadfaidh an tAire imeachtaí i leith ciona faoin Acht seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

(2) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851, féadfar imeachtaí i leith ciona faoin Acht seo a thionscnamh laistigh de 12 mhí ó dháta an chiona.

(3) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthófar go ndearnadh amhlaidh é le toiliú nó le cúltheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe,

nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífeair imeachtaí a shaothrú ina choinne agus é a phionósú amhail is dá mbeadh sé ciontach sa chion céadluaite.

11.—Beidh foráil i gcomhaontú (cibé acu is conradh fostaíochta é nó nach ea agus cibé acu a dhéantar é roimh thosach feidhme an Achta seo nó dá éis sin) ar neamhní a mhéid a airbheartaíonn sí feidhmiú aon fhorála den Acht seo a chosc nó a theorannú nó a mhéid a bheidh sí ar neamhréir le haon fhoráil den Acht seo.

Forálacha áirithe i gcomhaontuithe a chur ar neamhní.

12.—Gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo leagfar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas é a luaithé is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

13.—Déanfar na caiteachais a thabhoíd an tAire ag riar an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Caiteachais an Aire.

14.—(1) Féadfar an tAcht um Íoc Pá, 1991, a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

Alt 3.

AN SCEIDEAL

ACHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

Seisiún agus Caibidil nó Uimhir & Bliain	Gearrtheideal	Méid na hAisghairme
(1)	(2)	(3)
17 Geo. 2, c. 8	<i>Truck Act</i> , 1743	Ailt 6 agus 7
1 & 2 Will. 4, c. 37	<i>Truck Act</i> , 1831	An tAcht iomlán
9 Vict., c. 2	<i>County Works (Ireland) Act</i> , 1846	Alt 20
37 & 38 Vict., c. 48	<i>Hosiery Manufacture (Wages) Act</i> , 1874	An tAcht iomlán
50 & 51 Vict., c. 46	<i>Truck Amendment Act</i> , 1887	An tAcht iomlán
59 & 60 Vict., c. 44	<i>Truck Act</i> , 1896	An tAcht iomlán
Uimh. 40 of 1979	An tAcht um Íoc Pá, 1979	An tAcht iomlán